COMHAD FÍRICÍ:
GCSE GAEILGE
Measúnú Rialaithe

Rewarding Learning

Éisteacht agus Labhairt (Tasc 1)

Torthaí Foghlama

Sa chomhthéacs seo, ba cheart go mbeifeá ábalta:

- Smaointe agus barúlacha a chur in iúl i nGaeilge;
- Tuiscint a léiriú ar an topaic atá ullmhaithe agat;
- Eolas agus fíricí a thabhairt i ndiaidh duit taighde a dhéanamh ar an ábhar;
- Gaeilge chruinn a úsáid le linn an taisc agus tú ag ullmhú don tasc.

Achoimre

Tá dhá thasc éisteachta agus cainte le déanamh mar chuid den mheasúnú rialaithe. Tá 20% den GCSE Gaeilge i gceist leis na tascanna éisteachta agus cainte seo.

Tasc Éisteachta agus Cainte 1:

Comhrá (4–6 bhomaite)

Beidh ort comhrá a dhéanamh le do mhúinteoir atá bunaithe ar thopaic réamhullmhaithe agat (10% den GCSE Gaeilge). Beidh trí uair an chloig agat chun an tasc a ullmhú. Déanfar measúnú ar an tasc de réir scéim marcála.

Ábhair Mholta

Amharc ar an liosta thíos de thopaicí agus ceisteanna. Cuideoidh sé seo chun barúil a thabhairt duit.